C/2024/4521

16.7.2024

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA

an 15 Iúil 2024

lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2024/4521)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 73(2) de na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), tá an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na mball foirne pearsanta a sholáthraíonn cúnamh parlaiminteach dá dtagraítear in Airteagal 29(4) de na Bearta Cur Chun Feidhme, i gcás inarb iomchuí le bheith á innéacsnascadh go bliantúil ag an mBiúró ar bhonn an innéacs chomhpháirtigh arna bhunú ag Eurostat chun an t-athrú ar chostas maireachtála d'oifigigh AE ('an tInnéacs Comhpháirteach') a thomhas de bhun Airteagal 65 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([3]) ('na Rialacháin Foirne') agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne sin. Is gnách gurb é an Biúró a chinneann an t-innéacsnascadh sin i mí na Nollag, agus go dtagann sé i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ó mhí Iúil na bliana i dtrácht. Mar gheall ar an mboilsciú urghnách le blianta beaga anuas, áfach, bhí gá le hoiriúnú idirmheánach.

(2) De bhun na bhforálacha thuasluaite de na Rialacháin Foirne, is í an tairseach shonrach chun nuashonrú idirmheánach a spreagadh i luach saothair oifigigh an Aontais méadú boilscithe ± 3,0 % nó níos mó don tréimhse sé mhí ón 1 Iúil go dtí an 1 Eanáir. Don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 1 Eanáir 2024, socraíodh an tInnéacs Comhpháirteach arna bhunú ag Eurostat ag 103,0 (+ 3,0 %). Ós rud é gurbh ionann an t-athrú sin agus an tairseach 3 %, bhí gá le huasdátú idirmheánach ginearálta a dhéanamh ar luach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

(3) Baineann an t-uasdátú sin freisin le tuarastail chúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe (APAnna) na bhFeisirí, a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne. Ós rud é go n-íoctar tuarastail APAnna ó imchlúdach na bhFeisirí le haghaidh speansais cúnaimh pharlaimintigh, ba ghá an t-imchlúdach sin a nuashonrú dá réir sin.

(4) I dtaca leis sin, tá an ráta coigeartaithe socraithe ag an gCoimisiún don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh 2024 ag + 3,0 %. Dá bhrí sin, méadaíodh an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais cúnaimh pharlaimintigh go EUR 29 557, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 le Cinneadh ón mBiúró an 24 Meitheamh 2024 ([4]) agus leasaíodh an Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([5]) ('an Cinneadh roimhe seo ón mBiúró') dá réir sin, ar cinneadh é a bhí i bhfeidhm ag an am.

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj).

([2]) Cinneadh ón mBiúró an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 (IO C, C/2024/2814, 26.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024D02814).

([3]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

([4]) IO C, C/2024/4279, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4279/oj.

([5]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C 159, 13.7.2009, lch. 1).

(5) Ós rud é go dtiocfaidh na Bearta Cur Chun Feidhme seo i bhfeidhm an 16 Iúil 2024 agus go n-aisghairfear an Cinneadh roimhe seo ón mBiúró leo, ba cheart, dá bhrí sin, iad a leasú dá réir sin, agus ba cheart an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais cúnaimh pharlaimintigh a mhéadú go EUR 29 557, le héifeacht ón 16 Iúil 2024.

(6) Thairis sin, leis na cinntí uaithi an 13 Meán Fómhair 2023 ([6]), agus an 10 ([7]) agus an 24 Aibreán 2024 ([8]) faoi seach, rinne an Pharlaimint a Rialacha Nós Imeachta a leasú d'fhonn macántacht, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú agus an t-athchóiriú parlaimínteach 'Parlaimint 2024' a chur chun feidhme. Mar thoradh ar na cinntí thuasluaite, i measc nithe eile, rinneadh athuimhriú ar fhormhór na bhforálacha i Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte. Dá bhrí sin, ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú chun an t-athuimhriú sin a léiriú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Feisirí a rinneadh a eisiamh ón Seomra Tionóil, faoi Riail 182 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, forghéillfidh siad a dteidlíocht ar an liúntas cothaithe dá bhforáiltear in Airteagal 24 de na Bearta Cur Chun Feidhme ar feadh a n-eisiaimh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Forghéillfidh Feisirí a dteidlíocht ar an liúntas cothaithe dá bhforáiltear in Airteagal 24 de na Bearta Cur Chun Feidhme seo i gcás ina gcinneann an tUachtarán amhlaidh faoi Riail 183 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte.';

(2) In Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Is é EUR 29 557 an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 30 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 16 Iúil 2024.

([6]) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte d'fhonn macántacht, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú (2023/2095(REG)) (IO C, C/2024/1770, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1770/oj).

([7]) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte lena gcuirtear chun feidhme an t-athchóiriú parlaimínteach 'Parlaimint 2024' (2024/2000(REG)) (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([8]) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte a bhaineann le hoiliúint faoi choinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus faoi dhea-bhainistiú oifige (2024/2006(REG)) (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).